



Ciorclán Uimh: 79/2020

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
(BOOC &
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (BOOD))

**Socruithe chun Foireann a Thoghadh ar Bhoird Oideachais
agus Oiliúna BOOC & BOOD**

A Phríomhfheidhmeannaigh dhil,

Tá na socruithe maidir le gach céim de thoghcháin foirne an BOO leagtha amach i Rialacháin an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 (Foireann a Thoghadh) 2014 (na "Rialacháin"). Forálann na Rialacháin freisin, nuair is féidir, do phainéal a bhunú chun corrfholúntais a líonadh.

Is é is aidhm leis an gCiorclán seo saincheisteanna áirithe a shoiléiriú le gur féidir le BOOC & BOOD socruithe a dhéanamh chun baill foirne a thoghadh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna nuair a bhíonn folúntais foirne ann agus i gcás nach bhfuil aon phainéal ann chun na folúntais sin a líonadh.

Cuirfear an Ciorclán ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. (www.education.ie).

Ní mór an doiciméad a léamh i gcomhar leis na Rialacháin.

1. Foireann a Thoghadh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna

- 1.1 Tá foráil san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 (an tAcht) do bhaill foirne incháilithe baill BOO, fear amháin agus bean amháin, a thoghadh.
- 1.2 Chun críocha thoghcháin 2020, is éard is "ball foirne incháilithe" ann ná duine atá, ar an 31 Nollaig, 2020 fostaithe mar bhall foirne ag an BOO agus a n-íocann an BOO a luach saothair maidir leis an bhfostaíocht sin.
- 1.3 Ar mhaithe le soiléiriú, is éard atá i mball foirne incháilithe ná:



(a) Foireann ar chonradh seirbhíse ar an 31 Nollaig 2020. D'áireofaí le catagóirí foirne den chineál sin foireann lánaimseartha, lánaimseartha, agus foireann pháirtaimseartha pro-rata, srl...

(b) Foireann nach bhfuil conradh seirbhíse acu ar an 31 Nollaig 2020, ach a thug seirbhís ar an dáta sin agus a bhfuil luach saothair iníoctha ina leith. D'áireofaí le catagóirí foirne den chineál sin foireann pháirtaimseartha a íoctar ar bhonn uair an chloig.

(c) Foireann i bPobalscoileanna Náisiúnta atá fostaithe ag an BOO, cé acu atá siad á n-íoc ar phárolla an BOO nó an bhfuil an Roinn ag éascú an phárolla thar a gceann, ar an gcoinníoll go bhfuil siad fostaithe ag an BOO ar an 31 Nollaig 2020.

2. Ceann comhairimh

- 2.1 Cheap an tAire Oideachais an Príomhfheidhmeannach ar gach BOO le bheith ina cheann comhairimh don BOO sin chun críocha thoghcháin foirne an BOO.
- 2.2 Faoi réir na Rialachán, tá Ceann Comhairimh freagrach as na toghcháin a réachtáil.

3. Féilire an phróisis toghcháin

- 3.1 Tá féilire dátaí chun críocha stiúradh na dtoghchán san áireamh in Aguisín 1 den Chiorclán seo.
- 3.2 Is é an tAire a shocraíonn tromlach na ndátaí sa sceideal, de réir na Rialachán, agus níl aon chumhacht ag ceann comhairimh na dátaí seo a athrú go haontaobhach.

4. Neamh-incháilitheacht gráid áirithe d'fhoireann BOO le haghaidh ballraíochta de BOO

- 4.1 D'fhonn an t-idirdhealú idir feidhmeanna forchoimeáda agus feidhmeanna feidhmiúcháin in BOO a choinneáil, agus de réir Alt 32 (2)



d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, le hordú ón Aire níl na gráid foirne bainistíochta sinsearaí seo a leanas i mBOO incháilithe le haghaidh ballraíochta de bhord oideachais agus oiliúna:

- Príomhfheidhmeannach;
- Stiúrthóir Scoileanna;
- Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta agus Forbartha;
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Breisoiliúna;
- Oifigeach Oideachais do Dhaoine Fásta;
- Oifigeach Pearsanra;
- Oifigeach Airgeadais;
- Príomhoide Scoile;
- Bainisteoir Ionaid Oiliúna agus Leas-Bhainisteoir;
- Bainisteoir Ionaid Oideachais

4.2 Ar an dóigh chéanna, le hordú ón Aire, beidh gach grád foirne eile, a mbaineann a gcuid dualgas go hiomlán nó go formhór le cúrsaí riaracháin, feidhmiúcháin nó cléireachais agus an t-uasluach saothair ar mó é ná an luach saothair uasta do ghrád an Oifigh Chléireachais, beidh siad neamh-incháilithe le haghaidh ballraíochta de bhord oideachais agus oiliúna.

5. Rollaí toghcháin

5.1 Ní mór rollaí toghcháin sealadacha ina bhfuil ainm agus seoltaí na mball foirne incháilithe a ullmhú chun críocha thoghcháin na dtoghchán foirne.

5.2 Ba cheart uimhir uathúil a shannadh do gach duine nuair a chuirtear ar an rolla iad.

5.3 D'fhéadfaí seoladh oibre toghthóra a bheith ar rolla toghcháin seachas a s(h)eoladh baile.



6. Ceisteanna

- 6.1 Má tá aon fhiosruithe ann maidir le cur i bhfeidhm an chiorcláin seo ba chóir iad a chur faoi bhráid Martin O'Brien (Teil: 090 6484232, Martin_OBrien@education.gov.ie)

Teresa McNeill
Príomhoifigeach
Aonad Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin an BOO
Nollaig 2020



Aguisín 1: Féilire - Foireann ionadaithe ó Bhoird BOOC agus BOOD

Toghchán

Dáta	Gníomh
Dé hAoine, 9 Aibreán 2021	Comhaireamh Vótaí (9am-)
Déardaoin, 8 Aibreán 2021 faoi 5pm	An Dáta Deiridh chun glacadh le Páipéir Bhallóide Íonta
Dé Luain 15 Márta 2021	An dáta deireadh chun cáipéisíocht thoghcháin a eisiúint (páipéir bhallóide)
Dé Luain, 1 Márta 2021 - Iarnóin	Fógra faoin Toghchán

Ainmniúcháin

Dáta	Gníomh
Dé Luain, 1 Márta 2021 - Iarnóin	Liosta iarrthóirí ar fáil
Dé Luain, 1 Márta 2021 - Iarnóin	Is féidir le hiarrthóirí tarraingt siar do dtí 12 meánlae
Dé hAoine, 26 Feabhra 2021 idir 2-5pm	Rialú ar Ainmniúcháin
Dé hAoine, 26 Feabhra 2021 1pm	An Dáta Deiridh chun glacadh le hainmniúcháin
Dé Céadaoin, 23 Feabhra 2021	An dáta deiridh chun fógra faoi thoghchán a thabhairt

Clár Toghthóirí

Dáta	Gníomh
Dé Céadaoin, 23 Feabhra 2021	Clár deiridh toghthóirí ar fáil
Dé hAoine, 29 Eanáir faoi Meánlae	Leasuithe ar chlár toghthóirí le cur isteach faoi 12 meánlae
Dé hAoine, 22 Eanáir 2021	Rolla toghcháin sealadach ar fáil.
Déardaoin, 31 Nollaig 2020	Foireann fostaithe ag BOO ar an dáta seo i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghchán.



Aguisín 2: Ceistanna Coitianta - Foireann a thoghadh ar Bhord BOO

1. Cumarsáid

1.1 Cén dóigh ar chóir do BOO cumarsáid a dhéanamh le toghthóirí?

Seachas páipéar ballóide agus doiciméid ghaolmhara a eisiúint mar atá leagtha amach i Rialachán 18, tá sé de rogha ag Ceann Comhairimh cumarsáid a dhéanamh i cibé bealach dar leis nó léi atá cuí nó cibé bearta a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach a dhéanamh ar bhealach eile. Tá an Roinn den tuairim go mbeadh úsáid ríomhphoist, nuair is féidir, agus fógraí a chur ar shuíomh gréasáin an BOO, ina modhanna úsáideacha chun cumarsáid a dhéanamh.

1.2 An féidir le toghthóir seoladh seachas a sheoladh i rith an téarma a úsáid ar an rolla toghthóirí nó ar shlí eile chun críocha cumarsáide?

Tá cead ag toghthóirí a seoladh a athrú ar an rolla shealadach. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh sé a bheith níos áisiúla dóibh a socrú féin a chur i bhfeidhm chun post a chur ar aghaidh.

Chomh maith leis sin, níl srian ar na Cinn Chomhairimh na páipéir bhallóide agus an t-ábhar toghcháin gaolmhar amháin a sheoladh chuig an seoladh ar an gclár. Deirtear i Rialachán 18 (2) gur féidir an seoladh malartach a úsáid a fhad is go measann an Ceann Comhairimh go bhfuil siad oiriúnach.

1.3 An gá páipéir bhallóide agus ábhar eile toghcháin a eisiúint chuig toghthóirí trí phost cláraithe?

Ní gá. Ba chóir ábhar den chineál sin a chur chuig toghthóirí tríd an ngnáthphost. Molann an Roinn go bhfaigheann Ceann Comhairimh teastais phostála.

1.4 Ar chóir postas réamhíoctha a úsáid do na clúdaigh (chun na páipéir bhallóide líonta a chur ar ais)?

Ba chóir. Ba cheart do BOOanna clárú le An Post mar úsáideoir gnó agus uimhir cheadúnais a fháil (féach www.anpost.ie agus na naisc a leanúint do Chustaiméirí Gnó, Gnó Freagra - Saorphost) Is faoi gach BOO atá sé priontáil na gclúdach réamhíoctha a shocrú nuair a fhaightear uimhir an cheadúnais.



Molann an Roinn go nglacfaidh Cinn Chomhairimh leis go dtarlóidh toghchán agus go leanfaidh sé ar aghaidh chun é seo a shocrú láithreach.

Tugtar faoi deara go molann An Post an cárta Freagra Gnó mar an fhormaid is oiriúnaí (féach www.anpost.ie).

1.5 Ar chóir do Cheann Comhairimh faisnéis faoi iarrthóirí a chur ar shuíomh gréasáin an BOO?

Is ceist í seo don Cheann Comhairimh. Mar sin féin, ionas nach bhféadfaí a léiriú gurbh fhearr le BOO iarrthóirí áirithe, is í tuairim na Roinne nár cheart céim den sórt sin a bhreithniú ach ar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go mbíonn deis ag gach iarrthóir faisnéis den chineál sin a phostáil
- (b) go dtapaíonn gach iarrthóir an deis, agus
- (c) go dtugtar an chéimiúlacht chéanna ar an suíomh do gach iarrthóir.

1.6 Ar chóir go mbeadh cead ag iarrthóirí litríocht fógraíochta a chur san áireamh leis an ábhar toghcháin a sheolfaidh BOOanna chuig toghthóirí?

Is í tuairim na Roinne nach mbeadh sé oiriúnach do BOO ábhar toghcháin a eisiúint thar ceann iarrthóirí.

2. An Rolla Toghcháin

2.1 Cad iad na socrúithe ba chóir a chur i bhfeidhm maidir leis an rolla toghcháin

- (a) Ba chóir an rolla toghcháin a chur ar fáil do na baill foirne sin ar mian leo a dhearbhu go bhfuil siad ar an rolla toghcháin nó gur mian leo a dhearbhu go bhfuil a gcuid sonraí ar an rolla ceart
- (b) Ós rud é go bhféadfadh faisnéis phearsanta a bheith ann, ba chóir do Chinn Chomhairimh an méid seo a leanas a chinntiú maidir leis an rolla toghcháin:
 - i. go gcoinnítear é go sábháilte agus nach gcuirtear ar taispeánt é in áit phoiblí, lena n-áirítear limistéar atá inrochtana do mhic léinn nó d'fhoghlaimoírí;
 - ii. ní aistreofar seo go leictreonach;



- iii. nach mbíonn faisnéis ann seachas ainm agus seoladh toghthóra agus a (h)uimhir uathúil;

(c) Ag deireadh an phróisis toghcháin, ba cheart don Cheann Comhairimh cóip den rolla toghcháin, a fhéadfaidh a bheith i bhformáid leictreonach, a choinneáil go slán, ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag agus ba cheart é a scríosadh ansin. Ba chóir gach cóip eile a scríosadh díreach tar éis dhúnadh na n-ainmniúchán.

2.2 An féidir rochtain a bheith ag iarrthóirí ar an rolla toghcháin?

Tar éis an rialaithe ar ainmniúcháin, is féidir le hiarrthóirí rochtain a fháil ar chóip chrua an rolla toghcháin a choinnítear go sábháilte i gceannoifig an BOO. Mar sin féin, níl cead ag iarrthóirí cóip den rolla nó den chuid den rolla a dhéanamh agus a choinneáil.

3. Próiseas Ainmniúcháin

3.1 Ar chóir d'ainmní a s(h)eoladh oibre nó a s(h)eoladh baile a úsáid ar fhoirm an dearbhaithe?

Moltar d'ainmnithe a seoltaí oibre a úsáid ar an bhfoirm dearbhaithe.

3.2 Ar chóir d'ainmnitheoir a s(h)eoladh oibre nó a s(h)eoladh baile a úsáid ar fhoirm an dearbhaithe?

Iarrtar seoladh oibre ainmnitheoirí ar an bpáipéar ainmniúcháin.

3.3 An féidir an fhoirm toilithe a shíniú trí sheachvótálaí?

Ní féidir.

3.4 An féidir le hainmní níos mó ná páipéar ainmniúcháin amháin a shíniú?

Ní féidir. Ní mór d'ainmneoirí a dhearbhu ar an bpáipéar ainmniúcháin nár shínigh siad aon ainmniúchán eile agus ba chóir don ainmní a iarraidh ar a (h)ainmneoirí beartaithe é seo a dhearbhu.

4. Páipéir Bhallóide

4.1 Cé atá freagrach as na páipéir bhallóide a phriontáil?



Beidh gach BOO freagrach as na páipéir bhallóide a phriontáil. Ba chóir é seo a dhéanamh "go himmheánach" gan úsáid a baint as seirbhís phriontála seachtrach más féidir é.

4.2 Cad é formáid na bpáipéar ballóide?

Ba chóir go mbeadh páipéir bhallóide san fformáid atá leagtha amach sa teimpléad mar atá i Sceideal na rialachán. Moltar páipéir bhallóide ar leith a phriontáil chun comhalta a thoghadh ón bpainéal iarrthóirí ban agus as comhalta a thoghadh ón bpainéal iarrthóirí fear, agus go ndéantar iad seo a dhathú go difriúil chun cabhrú leis an bpróiseas comhairimh Ba chóir na páipéir bhallóide a uimhriú go seicheamhach, ag tosú leis an uimhir 1. Níor chóir go mbeadh an uimhir chéanna ar dhá pháipéar ballóide.

5. An Marc Oifigiúil

5.1 Cén uair a chuirfear an marc oifigiúil in iúl do Chinn Chomhairimh?

Cuirfear an "marc oifigiúil" in iúl do na Cinn Chomhairimh roimh i bhfad agus ba cheart d'fhoireann BOO iad a leagan síos ar pholltóirí. Ba chóir go mbeadh eolas ar an marc oifigiúil teoranta don Cheann Comhairimh, don Leas-Cheann Comhairimh agus don fhoireann sin amháin a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo.

5.2 An féidir na marcanna a mharcáil leis an marc oifigiúil roimh an dáta deiridh le haghaidh ainmniúchán?

D'fhonn an t-ualach oibre a laghdú idir dúnadh na n-ainmniúchán agus ábhar toghcháin a eisiúint chuig toghthóirí, measann an Roinn gur cheart do Chinn Chomhairimh socrú a dhéanamh chun páipéir bhána a mharcáil, ar a ndéanfar na páipéir bhallóide a phriontáil níos déanaí, roimh an dáta deiridh chun ainmniúcháin a fháil. I ngach cás, áfach, ní mór don Cheann Comhairimh gach páipéar a choinneáil go sábháilte. Ba chóir páipéir ar bith den chineál seo a scrios láithreach nuair is léir nach bhfuil siad ag teastáil.

5.3 Cad é mar a gheobhaidh an Ceann Comhairimh polltóirí?

Beidh polltóirí ag gach BOO ina bhfuil toghcháin le bheith. Socróidh an Roinn go n-eiseofar polltóirí do na BOOanna eile roimh i bhfad.

5.4 Cad é ba chóir a dhéanamh leis na polltóirí i ndiaidh an phróisis toghcháin?



Ba chóir polltóirí a chur ar ais chuig an Roinn. Déanfar teagmháil le Príomhfheidhmeannaigh arís maidir leis seo i ndiaidh na dtoghchán.

6. An Próiseas Vótála

6.1 An gcaithfidh finn é ar an dearbhú um aitheantas a bheith ina bhall foirne de chuid BOO?

Ní chaithfidh. Is é an t-aon choinníoll ná go bhfuil aithne phearsanta ag an bhfinné ar an toghthóir agus gur shínigh sé an dearbhú i láthair an duine sin.

6.2 Cad a scríobhann finn é atá dífhostaithe síos ar an dearbhú um aitheantas mar ghairm?

Is féidir le duine den chineál seo an téarma "dífhostaithe" nó "post ar bith" a úsáid.

7. Páipéir Bhallóide

7.1 Cad í freagracht an Cheann Comhairimh maidir le boscaí ballóide?

D'fhonn sláine an phróisis toghcháin a choinneáil, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcoinnítear boscaí ballóide go sábháilte. Dá réir sin, ba chóir boscaí ballóide a choinneáil i gceannoifig an BOO agus rochtain a bheith teoranta don Cheann Comhairimh, don Leas-Cheann Comhairimh nó don fhoireann eile a bhfuil sé de dhualgas orthu na clúdaigh a chur sa bhosca ballóide (ba chóir a bheith teoranta).

7.2 Cad é ba chóir a dhéanamh leis na boscaí ballóide i ndiaidh an phróisis thoghcháin?

Ba chóir don Cheann Comhairimh, ag deireadh an toghcháin, an séala a shéalú leis an mbosca ballóide agus a chinntiú nach féidir aon pháipéir bhreise a chur isteach. Molann an Roinn go ndéanfaidh na Cinn Chomhairimh idirchaidreamh leis an gCeann Comhairimh / Cláráitheoirí Contae chun séalaí céir a fháil chun na críche seo.

Ba chóir boscaí ballóide a choinneáil go sábháilte roimh an gcomhaireamh, go hidéalach i lár an chomhairimh nó gar don ionad comhairimh.

7.3 Cad é ba chóir a dhéanamh leis na boscaí ballóide i ndiaidh an phróisis thoghcháin?



Ba cheart don Phríomhfheidhmeannach socruithe áitiúla a dhéanamh chun na boscaí ballóide a chur ar ais chuig coimeád an Chláraitheora Contae / Cheann Comhairimh ábhartha.

8. Clúdaigh a fháil (páipéir bhallóide comhlánaithe)

8.1 Cad é ba chóir a bheith sa nós imeachta laethúil le linn na tréimhse chun páipéir bhallóide a fháil?

Molann an Roinn gur chóir don Cheann Comhairimh, don Leas-Cheann Comhairimh nó do bhall foirne dá sannfar amhlaidh, láithreach tar éis dóibh an post laethúil a fháil, clúdaigh a scaradh ón bpost eile agus na clúdaigh a chur sa bhosca ballóide. Ba chóir an bosca ballóide a dhaingniú láithreach ionas nach féidir rochtain a fháil ar an mbosca, seachas do dhaoine cuí.

8.2 Cad a tharlaíonn má fhaigheann Ceann Comhairimh páipéar ballóide seachas tríd an bpost?

Ba chóir don Cheann Comhairimh clúdaigh a fhaightear seachas tríd an bpost a fhágáil gan oscailt, a fhorhnuiniú “ní tríd an bpost” agus a choinneáil ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis chríochnú an toghcháin, agus is féidir leis an gCeann Comhairimh iad a dhiúscairt.

9. Lá Comhairimh

9.1 Cén áit ar chóir an t-ionad comhairimh a bheith lonnaithe?

Is ceist í seo don Cheann Comhairimh, ach bheadh scoil nó ceann-oifig BOO a bhfuil áis stórála sábháilte aici oiriúnach.

9.2 Cé mhéad ball foirne / cé na gráid foirne ba chóir a bheith i láthair ar lá an chomhairimh?

Tá sé seo faoi lánrogha an Phríomhfheidhmeannaigh, ach ba cheart uimhreacha agus costais a choinneáil ar an íosmhéid is gá chun an toghchán a stiúradh ar bhealach cuí agus sábháilte.

Is é an t-íosleibhéal foirne atá molta ná 1 nó 2 bhall foirne Grád III / IV, duine sinsearach riaracháin amháin (Grád VI) agus Ceann Comhairimh.

10. Foireann Breise



10.1 An féidir leis an BOO foireann breise a earcú chun críche an toghcháin?

Ní féidir, níl an rogha ag Príomhfheidhmeannaigh foireann breise a earcú.

11. Costais

11.1 An íocfaidh an Roinn as costais bhreise a thabhaítear sna toghcháin?

Íocfaidh an Roinn as costais bhreis a thabhaíonn na BOOnna mar gheall ar an phróiseas toghcháin. Ba cheart costais a choinneáil ar an íosmhéid is gá chun an toghchán a stiúradh de réir riachtanais an Rialacháin agus an Chiorcláin seo. Ba chóir do Phríomhfheidhmeannaigh éilimh a chur isteach chuig Rannóg Airgeadais BOO ag deireadh an phróisis thoghcháin.

D'fhéadfaí go n-áireofaí le costais:

- Tuarastal (ragobair as an áireamh);
- Pá ragoibre (más ann dó - sonraí le tabhairt);
- Costais phostais;
- Costais phriontála;
- Costais ábhar.

Ba chóir éilimh chun costais a aisíoc a dhéanamh de réir na gceannteideal thuas. Maidir le costas ar bith a thabhaítear lasmuigh de na ceanteidil seo, ba cheart na costais a shainmhíniú go soiléir.